


# An Carr

Cúpla bliain ó shin thóg Daidí **garáiste** don charr ach ní chuireann sé isteach ann é aon oíche. De ghnáth **páirceálann** sé an carr ar thaobh na sráide os comhair an tí. Tiomáineann sé an carr go Luimneach gach maidin. Suíonn sé isteach ar an **suíochán tosaigh.** Casann sé an eochair agus **dúisíonn** sé an t-inneall. Tosaíonn an carr ag gluaiseacht. Stiúrann sé an carr leis an roth stiúrtha.

Bíonn sé ag faire ar an trácht taobh thiar de sa scáthán. Tugann sé aire don **teorainn luais** freisin agus coimeádann sé súil ghéar ar an **luasmhéadar.** Brúnn sé ar **na coscáin** nuair a theastaíonn uaidh dul níos maille. Má bhíonn páistí ar an mbóthar séideann sé an adharc. Faigheann sé peitreal i stáisiún peitril **gach tráthnóna.** Uair sa mhí tógann sé an carr isteach i ngaráiste mór sa chathair. Déanann meicneoir an t-inneall a iniúchadh agus athraíonn sé an ola.

Gach Satharn cabhraíonn na páistí le Daidí chun an carr a ní.

Tá **ceadúnas tiomána** ag Daidí a thugann cead dó carr a thiomáint. Bíonn Daidí **san airdeall** i gcónaí nuair a bhíonn sé ag tiomáint ar na bóithre. Tiomáineann sé **go cúramach** agus ní bhriseann sé rialacha an bhóthair.

## A. Foclóir

**roth stiúrtha,** steering wheel
**trácht,** traffic
**teorainn luais,** speed limit
**luasmhéadar,** speedometer
**coscáin,** brakes
**a iniúchadh,** to examine
**san airdeall,** on the look-out; alert

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cá bhfágann Daidí an carr gach oíche?
   — istigh sa gharáiste.
   — ar chúl an tí.
   — ar thaobh na sráide.
2. Cad é an chéad rud a dhéanann sé nuair a shuíonn sé isteach sa charr?
   — Casann sé an roth stiúrtha.
   — Casann sé an eochair agus dúisíonn sé an t-inneall.
   — Tosaíonn sé ag léamh.
3. Cad a dhéanann sé leis an roth stiúrtha?
   — Dúisíonn sé an t-inneall leis.
   — Stiúrann sé an carr leis.
   — Tosaíonn sé an carr leis.

## C. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:

1. Suíonn sé ar - - agus casann sé an -.
2. Bíonn sé ag faire ar an - taobh thiar de sa scáthán.
3. Má bhíonn páistí ar an mbóthar séideann sé an -.
4. Faigheann sé peitreal i - - gach tráthnóna.
5. Tá - tiomána ag Daidí.

## D. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:

meicneoir, dúisíonn sé, adharc, na coscáin, san airdeall, rialacha an bhóthair, scáthán.

## E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth nach gcuireann Daidí an carr sa gharáiste gach óiche?
2. Conas is féidir leis faire ar an trácht taobh thiar de?
3. Cén fáth a dtógann sé an carr go dtí an meicneoir?
4. Cad chuige ceadúnas tiomána?
5. Cad chuige an luasmhéadar?
6. Cén fáth a dtiomáineann Daidí go cúramach?

## Gramadach 27

1. Tugann ceadúnas tiomána cead dó carr **a thiomáint.**
   *Cuir isteach an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní:*
   Thug Daidí cead dó cnónna a (bailím).
   Thug Mamaí cead di cáca a (bácáilim).
   Thug Tomás cead dó an adharc a (séidim).
   Fuair sé cead an talamh a (treabhaim).
   Tugadh cead dom sméara dubha a (piocaim).
   Thug an feirmeoir cead dó na ba a (díolaim).
2. **An Scéal**
   Bheireadh Seán ar a rothar gach tráthnóna anuraidh. Théadh sé ag rothaíocht faoin tuath. D'fheiceadh sé coinín ar thaobh an bhóthair. Chloiseadh sé na héin ag canadh. D'fhaigheadh sé dhá úll i siopa.
   Thugadh sé ceann amháin dá chara. Deireadh sé leis é a ithe. D'itheadh sé féin an t-úll eile.
   Thagadh sé abhaile um thráthnóna. Dhéanadh sé obair dá Mhamaí. Bhíodh sé sásta leis féin.

   *Scríobh amach arís é ag tosú mar seo:*
   Bheirinn ar mo rothar gach tráthnóna anuraidh --------